



**Music
Generation**

Tuarascáil Bhliantúil

2022

Clár na n-Ábhar

Gluais	3
Réamhfhocal an Chathaoirligh	5
Brollach an Stiúrthóra Náisiúnta	6
Misean agus Luachanna Music Generation	7
Grianghraif den Bhliain	8
Gníomhaíochtaí agus Aschuir	11
Buaicphointí Cláir ar fud na Tíre	25
Deiseanna Ambasadóra Óig agus Imeachtaí Cultúrtha Náisiúnta	35
Spriocanna Straitéiseacha	40
Cáilíocht	40
Inbhuanaitheacht	47
Abhcóideacht	52
Bord Music Generation agus Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation	56
Bord	57
Foireann	58
Rialachas	59
Mar a Oibríonn an Bord	59
Minicíocht na gCruinnithe Boird agus Coiste	61
Ráiteas faoi Bhearta Bainistíochta Riosca	61
Cúrsaí Airgeadais	62
Achoimre ar Fhigiúir 2022	63
Aguisíní	64
Aguisín A: Ballraíocht agus Freastal ar Chruinnithe Boird	64
Aguisín B: Táillí Stiúrthóra agus Speansais Íochta le Comhaltáí Boird in 2022	64
Aguisín C: Ceantair Áitiúla Rannpháirteach i gCláir agus Imeachtaí	65



Gluais

Pobail Chleachtais Ghutha
Grianghraf le Dave Keegan

Ciste Cruthaitheachta agus Comhair (CCC)

Tacaíonn an Ciste Cruthaitheachta agus Comhair de chuid Music Generation le tionscadail náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a thugann deis do leanaí, dhaoine óga agus cheoltóirí gairmiúla teacht le chéile don cheol. Tá an Ciste Cruthaitheachta agus Comhair cómhaoinithe ag an gComhairle Ealaíon agus an Roinn Oideachais.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

Is é Forbairt Ghairmiúil Leanúnach an téarma a úsáidtear chun cur síos ar na gníomhaíochtaí foghlama a ngabhann baill foirne dóibh chun a gcuid scileanna agus cumas a fhorbairt.

Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO)

Údarás oideachais reachtúla iad Boird Oideachais agus Oiliúna. Is iad fórsa stiúrtha an oideachais agus na foghlama sa phobal áitiúil, le conairí do gach foghlaimeoir sna réimsí seo a leanas: Luathoideachas, Scoileanna Náisiúnta Pobail, Oideachas Iar-bhunscoile, Breisoideachas agus Breisoiliúint, Printiseachtaí agus Tréimhsí Oiliúna, Seirbhísí Óige, Seirbhísí Oideachais Lasmuigh agus Seirbhísí Oideachais Pobail. Tá príomhról ag Boird Oideachais agus Oiliúna ar fud na tíre sa bhainistíocht áitiúil ar Chomhpháirtíochtaí Oideachais Áitiúla Music Generation.

Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Cheoil (CÁOC)

Grúpaí iad Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Cheoil de shaineolaithe, dhaoine aonair agus eagraíochtaí áitiúla a chuireann chun cinn agus a threoraíonn forbairt an chlár Music Generation ina gceantar. Stiúrtar gach CÁOC ag Údarás Áitiúil nó Bord Oideachais agus Oiliúna.

Oifigeach Forbartha Ceoil (OFC)

Ceaptar Oifigigh Fhorbartha Cheoil i ngach Ceantar CÁOC de chuid Music Generation. Stiúránn siad agus déanann siad maoirseacht ar chláir oideachas sa cheol taibhléirithe le haghaidh Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Cheoil.

An Oifig Náisiúnta Forbartha (ONF)

Tá sé mar aidhm ag an Oifig Náisiúnta Forbartha misean Music Generation a chomhlíonadh trí thacú le córas náisiúnta de sholáthar áitiúil oideachas ar cheol taibhléirithe trí chomhpháirtíocht idir daonchairdeas, an Rialtas agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Cheoil.

Féile Ceoil Óige Old Fort Quarter

Grianghraf le Alf Harvey



Oideachas ceoil taibhléirithe

Tugann Music Generation oideachas ceoil taibhléirithe – is é sin réimse na foghlama gutha agus uirlise i ngach seánra agus stíl cheoil. Cuimsítear leis sin gach cur chuige agus cleachtas oideolaíoch atá oiriúnach do chultúir agus thraidisiúin cheoil agus a sholáthraíonn Oideoirí Ceoil gairmiúla. Aithníonn an Roinn Oideachais oideachas ceoil taibhléirithe mar oideachas ceoil neamh-phríomhshrutha. Cuireann oideachas ceoil taibhléirithe le agus saibhríonn sé ach ní théann sé in ionad, sholáthar an churaclam príomhshrutha ceoil sa chóras oideachais foirmiúil.

Oiliúint ar Bhainistíocht Oideachas ceoil taibhléirithe (OBOC)

Tionscnamh FGL é an clár Oiliúna OBOC a ritear ar feadh na bliana acadúla iomláine. Cabhraíonn an clár le hOifigigh Fhorbartha Cheoil foghlaim agus fás mar bhainisteoir ar oideachas ceoil taibhléirithe, agus é ag cur ar a gcumas a gclár OBOC a fhorbairt go straitéiseach. Áirítear le hábhair leithne pleanáil straitéiseach, forbairt foirne, ceannaireacht éifeachtach, agus éagsúlacht in oideachas ceoil taibhléirithe.

An Fhoireann Cáilíochta, Tacaíochta agus Forbartha (CTF)

Stiúránn, forbraíonn agus comhlíonann an fhoireann seo na feidhmeanna Cáilíochta, Tacaíochta agus Forbartha de chuid Oifig Náisiúnta Forbartha Music Generation. Tacaíonn CTF le líonra náisiúnta Music Generation de Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Cheoil chun cultúr d'fheabhas leanúnach a chothú, ionas go mbíonn eispéiris agus torthaí den chaighdeán is fearr ag leanáí agus daoine óga.

Réamhfhocal an Chathaoirligh

Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Music Generation le haghaidh 2022 a chur i láthair. Ag tús na bliana bhí éifeachtaí phaindéim Covid-19 fós le brath sa tír. D'ainneoin na srianta ag tús 2022, bhí bliain an-rathúil ag Music Generation agus os cionn 100,000 uair teagaisc curtha ar fáil aige do leanaí agus dhaoine óga ar fud na tíre.

Tá ár bhfás leanúnach tábhachtach ach go háirithe do leanaí agus dhaoine óga atá ag nascadh leis an ngnáthshaol arís tar éis cúpla bliana de dhianghlasálacha agus de shrianta. Go deimhin, is iad siúd atá ag croílár ár gcuid oibre.

Is é misean Music Generation leanaí agus daoine óga a chumhachtú chun a n-acmhainn iomlán a chomhlíonadh trí rochtain ar, agus rannpháirtíocht in oideachas ardchaighdeáin ar cheol taibhléirithe.

Creidimid in Éirinn ina thugtar deis do gach leanbh agus duine óga a saol a athrú ó bhonn trí chumhacht dhéanamh agus fhoghlaim an cheoil.

Bliain shuntasach ab ea 2022 le haghaidh Music Generation. San earrach, d'fhoilsíomar ár bPlean Straitéiseach nua 2022-2026: *Saol Daoine Óga a Athrú ó Bhonn tríd an gCeol (Transforming Young Lives Through Music)*. Le forbairt na Straitéise sin tugadh deis dúinn féachaint siar ar ár dturas ó bhí 2010 ann agus an todhchaí a shamhlú. Is mian liom buíochas a ghabháil leo siúd go léir a raibh plé acu linn mar chuid den phróiseas sin.

Tá comhpháirtithe Music Generation ríthábhachtach dár rath roinnte. Ní fhéadfaí obair Music Generation a dhéanamh gan tacaíocht uathu. Go háirithe ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do U2, Cisté na hÉireann, Banc Mheiriceá, an Roinn Oideachais, Music Network, agus an Chomhairle Ealaíon. Ba mhaith liom freisin aird a tharraingt ar iarrachtaí suntasacha Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Cheoil, a bhfuil príomhról ag Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) agus Údaráis Áitiúla iontu, maidir lenár gcuid spriocanna roinnte a chur ar aghaidh.

Gabhaim buíochas le Bord agus foireann dhíograiseach Music Generation. Baineadh amach roinnt éachtaí iontacha in 2022 agus táim ag súil lena bhfuil i ndán do Music Generation.

Leo Blennerhassett

Cathaoirleach

Brollach an Stiúrthóra Náisiúnta

Bliain spreagúil ab ea 2022 do Music Generation agus go leor éachtaí bainte amach. Leanamar ar aghaidh obair lenár gcomhpháirtithe náisiúnta agus trína mheán chun deiseanna a aithint lenár misean a chomhlíonadh. D'fhreagraíomar ar riachtanais leanaí agus daoine óga ar fud na hÉireann agus muid ag teacht ar ais ó éifeachtaí na paindéime.

Agus muid ag freastal ar an riachtanas sin, mhéadaigh ár rannpháirtíocht an t-ionchas in 2022. Den chéad uair, tugadh os cionn 100,000 uair teagaisc do leanaí agus dhaoine óga - méadú 31% ó 2021. In 2022, ghlac 7% de leanaí agus dhaoine óga a bhfuil cónaí orthu in Éirinn páirt i gclár Music Generation. Tá buíochas faoi leith ag dul d'fhoirne áitiúla na n-Oifigeach Forbartha Ceoil, na Riarthóirí, na n-Oibríthe Acmhainne, agus na n-Oideoirí Ceoil as a dtiomantas agus a ngealltanais chun ár misean roinnte a chur ar aghaidh.

Cruthaíodh nach mór 500 saothar ceoil nua ag agus le leanaí agus daoine óga. Cuireadh na céadta taibhléirí ar stáitse agus muid ag dul i dtaithí ar na dúshláin a bhain le fillleadh go sábháilte ar imeachtaí beo. I measc siúd, áiríodh lenár gcuid buaicphointí:

- Os cionn 180 ceoltóir as Cathair Chorcaí, Laois, Maigh Eo agus Co. Lú ag ceiliúradh chomhartha náisiúnta na hÉireann, an chlárseach ag Féile Phádraig le taibhléirí den scoth do lucht éisteacha/féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Chas 33 ceoltóir óg as Port Láirge agus Laois le Sharon Shannon chun Comhdháil Ireland Funds Worldwide a oscailt.
- 24 cheoltóir óg as Sligeach, Cathair Chorcaí agus Cathair Luimnigh ag imeachtaí Beyond Limits de chuid an Ombudsman do Leanaí a chuir chun cinn uilechuimsitheacht do dhaoine óga faoi mhíchumas.

Tar éis gur foilsíodh ár bPlean Straitéiseach le haghaidh 2022-2026 san earrach, dhíríomar ar ullmhú le agus pleanáil i gcomhair ár dtrí thosaíocht straitéiseach a chur i bhfeidhm: **cáilíocht, inbhuanaitheacht agus abhcóideacht.**

I measc na bhforbairtí lárnacha i réimse na cáilíochta, rinneadh Athbhreithnithe Cáilíochta le comhpháirtithe áitiúla. Freisin leanamar orainn ag stiúradh imeachtaí Pobal Cleachtais ar fhreastail níos mó na 120 ceoltóir orthu i rith na bliana. Ó thaobh na hinbhuanaitheachta, leanamar orainn ag cothú agus ag neartú ár gcomhpháirtíochtaí luachmhara le comhpháirtithe daonchairdiúla, rialtais agus áitiúla. Thacaigh ár straitéis chumarsáide lenár spriocanna abhcóideachta, chun cinntiú go n-ardaímid feasacht faoinár misean trí héisteacht le leanaí agus daoine óga agus plé leo inár gcuid scéalaíochta.

Is mian liom an deis seo a thapú chun paisean, díograise agus gealltanais gach duine atá rannpháirteach i Music Generation a aithint; as an obair go léir atá déanta acu chun tacú lenár misean agus ár bhfís roinnte agus iad a chomhlíonadh.

Táim ag súil le 2023 le mothú sceitimíní le haghaidh na ndúshlán, na ndeiseanna agus na féidearthachtaí a fhanann linn agus muid ag fós ag baint amach ár n-aidhme mar atá Saol Daoine Óga a *Athrú ó Bhonn tríd an gCeol.*

Rosaleen Molloy

An Stiúrthóir Náisiúnta

Music Generation

Is é Music Generation clár náisiúnta na hÉireann um oideachas ceoil, a **athraíonn ó bhonn saol leanaí agus daoine óga** trí rochtain a thabhairt dóibh ar oideachas ceoil taibhléirithe de chaighdeán ard ina gceantar áitiúil. Chuir Music Network tús le Music Generation agus tá sé cómhaoinithe ag U2, Cistí na hÉireann, an Roinn Oideachais, agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Cheoil ina bhfuil príomhról ag Boird Oideachais agus Oiliúna agus Údarás Áitiúla.

Fís

Creidimid in Éirinn ina thugtar deis do gach leanbh agus duine óga a saol a athrú ó bhonn trí chumhacht dhéanamh agus fhoghlaim an ceoil.

Misean

Is é ár misean leanaí agus daoine óga a chumhachtú chun a n-acmhainn iomlán a chomhlíonadh trí rochtain ar, agus rannpháirtíocht in oideachas ardchaighdeán ar cheol taibhléirithe.

➔ **Plean Straitéiseach**
2022 – 2026



Music Generation Contae na Gaillimhe
Grianghraf le Mick Shaughnessy

Grianghraif den Bhliain



**Music Generation An Mhí agus
Music Generation Chill Dara**
Grianghraf le Ste Murray



Music Generation Fine Gall

**Music Generation Cheatharlach ag
Comhdháil Bhliantúil na mBord Oideachais
agus Oiliúna (BOO)**

Grianghraf le Marc O'Sullivan

**Music Generation Cathair Luimnigh,
Music Generation Contae Luimnigh,
agus Music Generation an Chláir**





Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas
NOISE Music
Grianghraf le Barbara Flynn



Music Generation Chathair Chorcaí
ag Oifig an Ombudsman do Leanáí
Beyond Limits Luimneach
Grianghraf le Don Maloney Photography



Music Generation Phort Láirge
Grianghraf le DGM Photography

“Rud an-simplí atáimid ag iarraidh a dhéanamh. Níl uainn ach déanamh cinnte go bhfaigheann **gach duine**, beag beann ar a gcúlra, **rochtain ar theagasc ceoil**. Sin an smaoineamh.”

Bono, U2



Gníomhaíochtaí agus Aschuir

Music Generation Phort Láirge
Grianghraf le DGM Photography



1

7%

Fuair de **na leanaí agus na daoine óga go léir in Éirinn** rochtain ar ghníomhaíochtaí Music Generation



2

505

Sholáthair 505 Oideoir Ceoil cláir Music Generation

Súil Siar ar an mBliain 2022

107,072

Soláthraíodh uair an chloig de theagasc **san oideachas ceoil taibhléirithe**



3

101,960

Ghlac Rannpháirtí Cláir páirt i ngníomhaíochtaí Music Generation



4

2,161

Reáchtáladh 2,161 taibhléiriú **Music Generation** le leanaí agus daoine óga



5

468

Cruthaíodh saothar ceoil ag agus le leanaí agus daoine óga



6

26%

Méadú 26% ar fhás lucht sprice ar ár gcuid cainéal ar na meáin shóisialta



7

48

Cuireadh 48 gcineál gníomhaíochta ar fáil ar fud ár gcuid clár. Ina measc siúd bhí taibhléiriú, stiúradh, físghráfadóireacht, taifeadadh, podchraoladh agus teagasc uirlise/béil.

Súil Siar ar an mBliain 2022

Music Generation ar TikTok

@musicgenerationireland

Bhaineamar triail as an ardán digiteach sin chun spás a éascú do rannpháirtithe cláir lena n-eispéireas uathúil a roinnt



8

33

Múineadh sheánra ceoil ar ár gcuid clár Music Generation



9

Ceannteidil íomhá

Leathanach 12

- 1 – **Music Generation an Chláir** Grianghraf le Paul Corey Photography
- 2 – **Féile Ceoil Óige Old Fort Quarter** Grianghraf le Alf Harvey
- 3 – **Music Generation An Mhí agus Music Generation Chill Dara** Grianghraf le Ste Murray
- 4 – **Music Generation Uíbh Fhailí/An Iarmhí** Grianghraf le Kelly Photography
- 5 – **Fuaimeanna Cruthaitheacha** Grianghraf le Brian Farrell

Leathanach 13

- 6 – **Music Generation Cathair na Gaillimhe**
- 7 – **Fuaimeanna Cruthaitheacha** Grianghraf le Brian Farrell
- 8 – **26ú Féile Music Generation Lú/IAYO Ceolfhoirne Óige** Grianghraf le Marc O'Sullivan
- 9 – **Music Generation Mhaigh Eo** Lá na Cruite, 2022




Rannpháirtíocht

D'oibrigh Music Generation le **101,960 rannpháirtí cláir** in 2022, **ar fud 28 Limistéar CÁOC**. Léiríonn an figiúr sin fás leanúnach Music Generation agus a shíneadh isteach i gceantair nua den tír.

D'oibrigh Music Generation le 7% de na leanaí agus na daoine óga go léir in Éirinn.

Music Generation na Laoise
Grianghraf le Renata Metelicka

Líon Iomlán na Rannpháirtithe Bliantúla sa Chlár



Aoiseanna na Rannpháirtithe Cláir

Tá an cion is airde de rannpháirtithe cláir i measc aoisghrúpa na mBlianta Sóisearacha (7-12 bhliain).

70.2%

Blianta Sóisearacha 7–12

17.3%

Luathbhlianta 0–6 agus naíonáin shóisearacha san áireamh

6.1%

Óige, Idirbhliain go 18

5.9%

Luathdhéagóirí suas le agus lena n-áirítear Teastas Sóisearach

0.3%

Daoine Fásta Níos Sine

0.2%

Aosaigh Óga 19–25 Bliana




Uaireanta Teagaisc

Bhí méadú **31%** ar líon na n-uaireanta teagaisc a tugadh in 2022. Den chéad uair, sholáthair Music Generation níos mó ná 100,000 uair an chloig.

Music Generation Cathair Bhaile Átha Cliath
Grianghraf le Dave Keegan

Iomlán na n-Uaireanta Teagaisc




I rith na paindéime in 2020, bailíodh faisnéis faoi uaireanta teagaisc ar bhealach difriúil. In áit na n-uaireanta teagaisc le haghaidh na bliana sin a iomlánú, rinneadh monatóireacht ar an meánteagasc seachtainiúil ag trí phointe ama. Mar gheall ar an difríocht sin, níl iomlán na n-uaireanta teagaisc le haghaidh 2020 san áireamh sa ghráf seo.

Béim, Formáidí agus Seachadadh Cláir

Fad na gClár

Maireann an cion is mó de chláir Music Generation idir 20-30 seachtain; cláir teagaisc bliana-iomláine a thugtar orthu.





Seánra

Thug Limistéir LÁOC tuairisc go raibh **33 chineál sainiúil seánra ag gabháil leis na cláir**. Bhain an chuid is mó díobh le seánra sa chiall traidisiúnta, mar shampla, rac, popcheol, ceol Gaelach traidisiúnta. Léirigh roinnt seánraí a tuairiscíodh meascán den ábhar teagaisc, den suíomh ina raibh sé á mhúineadh, nó áit a raibh ceol a úsáid trí bhéim eile, mar shampla:

Music Generation Chathair Chorcaí
Grianghraf le Darragh Kane

Teicneolaíocht nó Léiriú Ceoil

Cláir scil-bhunaithe ina úsáidtear an teicneolaíocht chun seánraí iomaí a fhiosrú.

Cumadh nó Amhránaí-Cumadóir Amhrán

Cláir scil-bhunaithe ina úsáidtear cumadh chun seánraí iomaí a fhiosrú.

Buneolas nó Réamhuirlis

Cláir inar díríodh ar uirlisí, tuiscint ar an gceol, etc. a thabhairt isteach.

Folláine nó Teiripe Cheoil

Go háirithe cláir inar díríodh ar imní nó imní faoi thaibhléiriú uaireanta.

Cumadh Ceoil Uileghabhálach

Cláir i suíomhanna áirithe riachtanais speisialta go minic, áit a raibh sé mar chuspóir le cláir agus gníomhaíochtaí go nglacfadh gach leanbh páirt go ceolmhar, seachas a bheith bainteach le ‘seánra’ áirithe.

An Focal Labhartha

Mar shampla, béim ar phodchraoladh agus léiriú raidió.

Thug aon chéad is caoga-cúig de na cláir (155) tuairisc ar bhéim seánra aonair a bheith acu ach bhí meascán de sheánraí sna gníomhaíochtaí le haghaidh an chuid is mó de na cláir. Léirítear sa tábla thíos na seánraí is coitianta de réir líon agus chéatadán na gclár ar bhain siad leo.

Popcheol

212 clár

46.6% de na cláir go léir

Ceol Traidisiúnta agus Ceol Gaelach Comhaimseartha

163 clár

35.8% de na cláir go léir

Rac-cheol

152 clár

33.4% de na cláir go léir

Clasaiceach

99 glár

21.8% de na cláir go léir

Ceol Tíre

77 glár

16.9% de na cláir go léir

Ceol Nua-aimseartha nó Comhaimseartha

60 clár

13.2% de na cláir go léir

Hip-Hop, Rapcheol, nó Druil

50 clár

11.0% de na cláir go léir

Stór Luathbhlianta nó Leanaí

46

10.1% de na cláir go léir

Snagcheol

28

6.2% de na cláir go léir

Ceol Tíre

27

5.9% de na cláir go léir

A bhfuil á theagasc

Thug Limistéir LÁOC tuairisc go raibh **48 chineál sainiúil gníomhaíochta á dteagasc ar chláir.**

Gníomhaíochtaí uirlise a bhí sa chuid is mó díobh, ach mhúin cuid acu gnéithe a bhí bunaithe níos mó ar scileanna mar chumadh, thaibhléiriú, agus scileanna ‘gaolmhara’ mar fhísghrafadóireacht agus phodchraoladh. Phléigh an chuid eile formáid na ngníomhaíochtaí – mar shampla, cuireadh béim leis an gclár ar sheinm mar cheolfhoireann, nó ceoldráma a léiriú, nó seisiúin jeamála banna agus éascú na seisiún.

Thug aon chéad is caoga-haon (151) clár go raibh réimse béime singil uirlise, teicneolaíoch nó bhéil ag gabháil leo (clár amháin agus múineadh rud amháin). Bhí meascán de ghnéithe ag gabháil leis na 299 clár eile (66%), mar shampla, cláir iluirlise. Léirítear sa tábla thíos grúpaí leithne na ngníomhaíochtaí a mhúintear de réir líon na gclár agus an cion (%) de chláir a fhaightear orthu iad.

A bhfuil á theagasc agus gníomhaíochtaí cláir

	Líon na gClár	% de Chláir
Uirlisí Éireannacha traidisiúnta	274	61%
Béal agus Canadh	187	42%
Drumaí, Cnaguirlisí agus Cnaguirlisí Láimhe	163	36%
Giotár	150	33%
Prásuirlisí agus Gaothuirlisí	134	30%
Teicneolaíocht Cheoil, Taifeadadh, Léiriú agus Leictreonaic	101	22%
Ucailéile	97	22%
Téaduirlisí	93	21%
Pianó, Méarchláir agus Sintéiseoirí	80	20%
Cumadh, Amhránaí-Cumadóir Amhrán agus Tobchumadóireacht	72	16%
Ó thaithí	63	14%
Uirlisí Rac agus Popcheoil	61	14%
Seinm mar ghrúpa (ensembleanna, ceolfhoirne, banna, seisiúin, gamalananna, cóir, seisiúin jeamála)	35	8%
Taibhléiriú	19	4%
Amharclannaíocht Cheoil, Ceoldráma, Léiriú Físe, Aisteoireacht agus Podchraoladh	8	2%
Stiúradh	1	níos lú ná 1 %

Ionaid Uathúla

Thuiriscigh Limistéir CÁOC Music Generation gur úsáideadh **1,162 ionad uathúil** in 2022. Méadú **31%** é sin (baineadh úsáid as 890 ionad uathúil in 2021). Bhíothas ag súil leis an méadú, de réir mar a d'fhill na gníomhaíochtaí ar chláir i bpearsana, agus ionaid suite i bhfoirgnimh tar éis na paindéime.

Tá an cion de chineálacha ionaid a bhí á n-úsáid inchomparáide leis na blianta roimhe. Ba ionann suíomhanna bunscoile agus an cion ab airde d'ionaid a úsáideadh, ag 53.4%. Ina dhiaidh sin tá suíomhanna iar-bhunscoile ag 11.4%, agus ionaid óige ag 6.5%.



Music Generation Fhine Gall Ionad Pobail Bhaile Fiobail

Thuiriscigh Limistéir CÁOC Music Generation gur oibrigh sé i **621 bunscoil uathúil.**

Is ionann sin agus 19% de na bunscoileanna sa Stát.

Thuiriscigh Limistéir CÁOC Music Generation gur oibrigh sé i **133 mheánscoil uathúil.**

Is ionann sin agus 18% de na meánscoileanna sa Stát.

Freisin d'oibrigh Music Generation i **20% de na scoileanna speisialta**

sa Stát.

Fórsa Saothair agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Fórsa Saothair

Sholáthair 505 Oideoir Ceoil cláir in 2022. Méadú 36% é sin i gcomparáid le 2021.

Chuaigh an líon sin i méid mar fhilleadh ar an bhfilleadh ar chlár i bpearsa in 2022 agus méaduithe ar theagasc agus rannpháirtíocht, a raibh níos mó fostaíochta d'Oideoirí Ceoil mar thoradh air.

D'eagair fiche-cúig Limistéar CÁOC de chuid MG 421 cuairt ag 177 aoi-cheoltóir gairmiúil (nó ó ensemblenna i roinnt cásanna).

D'fhostaigh Music Generation 38 Riarthóir agus Oibrí Acmhainne in 2022 (cuimsíonn sé sin trí fholúntas oscailte a tuairiscíodh ag deireadh 2022).

Music Generation Loch Garman
Grianghraf le DGM Photography



Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

I dteannta leis an FGL a d'eagair an Oifig Náisiúnta Forbartha (ONF), tugadh **1,326.5 uair an chloig de FGL** d'Oideoirí Ceoil ag na Limistéir CÁOC. Ba iad na hábhair agus na réimsí béime ba choitianta le haghaidh na hoiliúna:

Oiliúint Shonrach Uirlise agus Seánra

Oideolaíocht

Foireann/ Faoi stiúir OFC agus Piarmheantóireacht

Riachtanais Oideachais Speisialta

Luathbhlianta

D'fhreastail Oifig Fhorbartha Ceoil (OFCanna) ar oiliúint a eagraíodh go háitiúil in 21 de na 27 Limistéir CÁOC (78% de Limistéir CÁOC - méadú 70% ó 2021). D'fhreastail OFCanna ar sheachtó (70) tionscnamh FGL ar leithligh, agus an cineál ba choitianta oiliúna dírithe ar Airgeadas / Sholáthar, agus ina dhiaidh sin Cosaint (Leanaí, Daoine Fásta Leochaileacha) agus Comhionannas, Éagsúlacht agus Lánchuimsiú (CÉLC).

D'fhreastail Riarthóirí agus/nó Oibrithe Acmhainne ar oiliúint a eagraíodh go háitiúil i 16 de na 27 Limistéir CÁOC. D'fhreastail Riarthóirí agus/nó Oibrithe Acmhainne ar chaoga-ceathair (54) tionscnamh FGL. Díriodh an cineál ba choitianta oiliúna ar Chórais Airgeadais agus Íocaíochta, agus ina dhiaidh sin an Teicneolaíocht (mar shampla oiliúint ar chrua-earraí, feidhmchláir bhogearraí agus réitigh Fhoghlama Feabhsaithe ag an Teicneolaíocht). Ba choitianta freisin an réimse leathan Comhionannas, Éagsúlacht agus Lánchuimsiú (CÉL), mar shampla, freastalaíodh ar chúig chúrsa maidir le feasacht agus lánchuimsiú uathachais.



Fuaimneanna Cruthaitheacha
Grianghraf le Brian Farrell



“Ní féidir liom cur síos air. Nuair a thosaíonn tú, níl tú ag iarraidh stopadh. **Mothúchán iontaché**”

Cathal, Ceoltóir Óg **Music Generation Chill Dara**
ag labhairt dó faoi bheith ar stáitse

Music Generation Chill Dara
agus Music Generation na Mí
Grianghraf le Dave Keegan



Buaicphointí Cláir ar fud na Tíre

Music Generation an Chabháin/Mhuineacháin
Grianghraf le Sandra McIntyre

Ceatharlach

Ghlac ceoltóirí, cumadóirí agus cumadóirí amhrán óga i réimse an cheoil traidisiúnta as [Music Generation Cheatharlach](#) páirt i gclár máistir-ranganna Atlantic Arc. Treoraíodh na ceoltóirí óga ag ensemble de cheoltóirí agus d'amhránaithe traidisiúnta as Éirinn, Tuaisceart Éireann, agus Albain. Stiúradh iad ag Dónal Lunny, duine de na seinnteoirí, na cumadóirí agus na léiritheoirí is cumasaí in Éirinn. In éineacht leis an ngrúpa bhí ceoltóirí óga as [Music Generation Laoise](#) agus chuir siad saothar úrnua ar stáitse le chéile ag an Ionad VISUAL don Ealaín Chomhaimseartha agus ag Amharclann George Bernard Shaw i gCeatharlach. [Faigh amach níos mó faoin seó anseo.](#)

An Cabhán/Muineachán

[Sheol Music Generation an Chabháin/Mhuineacháin](#) stiúideo nua taifeadta soghluaiste ar ar tugadh An Ródaí.cm. Leis an stiúideo úrscothach tá Music Generation an Chabháin/Mhuineacháin in ann lucht sprice níos leithne a shroicheadh agus rochtain a thabhairt ar oideachas ardchaighdeáin ar an gceol léirithe i limistéir tuaithe. Tugann Music Generation an Chabháin/Mhuineacháin deis d'fhoghlaimoírí a gceol féin a thaifeadadh, a mheascadh, máistreacht a fhail air agus é a léiriú, le tacaíocht ó theicneoirí saineolacha. Ceiliúradh seoladh An Ródaí.cm le léiriú speisialta ag amhránaithe óga as Scoil Náisiúnta Achadh Draighin a ghlac páirt i gClár Gutha na Scoileanna de chuid Music Generation an Chabháin/Mhuineacháin. [Léigh níos mó faoin seoladh anseo.](#)

An Clár

[Sheol Music Generation an Chláir PIMA! Fest.](#)

Tionscadal cuimsitheach agus nuálacha sna healaíona rannpháirteacha é PIMA! Fest a dhéanann pobail a imeascadh agus a chothaíonn uailmhian cruthaitheach. Mar chuid den fhéile, ghlac rannpháirtithe óga as Seirbhísí Óige an Chláir páirt i gceardlanna inar fhiosraigh siad fuaim agus fíís leictreonach. Thug an ceoltóir gairmiúil Jürgen Simpson agus an t-ealaíontóir Mark Wycherley meantóireacht do na déantóirí ceoil óga. Ghlac siad páirt i léiriú ar a tugadh “Clock”.

[Faigh amach níos mó faoi na ceardlanna anseo.](#)

Cathair Chorcaí

[Cheiliúir Music Generation Chathair Chorcaí](#) cothrom 10-mbliana le ceolchoirm speisialta in Amharclann Everyman. Bhí léirithe spreagúla éagsúla mar chuid den ócáid, a raibh ina measc scannáin súil siar 10-mbliana a chruthaigh rannpháirtí Music Generation ón am atá thart, Seán Downey. Chuimsigh an ceiliúradh freisin Aintiún nua-choimisiúnaithe don 10ú Lá Breithe dar teideal ‘Music Gives Me A Reason’. Cumadh an t-amhrán ag Oideoirí Ceoil agus cumadóirí amhrán óga in éineacht a chéile agus léiríodh é ag ionadaithe as cúig chomhpháirtí an limistéir sa i gcláir ceoil óige. Ómós cuí a bhí sa cheolchoirm do dheich mbliana de dhéanamh ceoil ag Music Generation Chathair Chorcaí.

[Féach ar an Scannán 10 mBliana anseo.](#)

Cathair Bhaile Átha Cliath

[Tháirg Music Generation Chathair Bhaile Átha Cliath](#)

dar teideal “Music Generation” i gcomhpháirt leis an gCeoláras Náisiúnta, The Ark agus Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann. Thug na ceardlanna idirghníomhacha sin a bhí deartha go sonrach do ghrúpaí sinsearach bunscoile, deis do rannpháirtithe cláir seánraí ceoil éagsúla a fhiosrú. D’fhéadfadh rannpháirtithe foghlaim faoi uirlisí Gamalain agus oibriú le ceoltóirí gairmiúla i suíomhanna ealaíon agus cultúrtha éagsúla.



Music Generation Chathair Chorcaí
Griangraf le Claire Keogh

Dún Laoghaire — Ráth an Dúin

Sheol Music Generation dlr suiteáil uathúil d'uirlisí ceoil lasmuigh i dtrí pháirc áitiúil i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Chun an seoladh a cheiliúradh, ghlac ceoltóirí óga as cláir dlr Music Generation páirt i léirithe cnaguirlise lasmuigh leis an gcnagcheoltóir Sebastian Jezzi.

Léigh níos mó faoin seoladh anseo.

Fine Gall

Thosaigh Music Generation Fhine Gall ag obair i gcomhpháirt leis an nGrúpa Sóisialta Riachtanas Speisialta Remember Us i mBaile Brigín. Chuir siad clár lánchuimsitheach ceoil ar fáil agus teicneolaíocht chéadfach Soundbeam á húsáid. Leis an teicneolaíocht nuálach sin, bhí na déantóirí ceoil óga in ann tobchumadh, gabháil don cheol agus é a chruthú mar ba mhian leo féin.

Cathair na Gaillimhe

Stiúir Music Generation Chathair na Gaillimhe 'Oscailte', sraith d'imeachtaí maidhc oscailte le haghaidh daoine óga idir 14-18 mbliana. Óstáladh an tsraith sa Taibhdhearc, Amharclann Náisiúnta na Gaeilge agus thóg sé ceoltóirí óga le chéile le haghaidh oícheanta neamhfhoirmiúla de cheol agus amhránaíocht. Freisin bhí sé mar aidhm aige an Ghaeilge a chur chun cinn i measc dhaoine óga na Gaillimhe.

Contae na Gaillimhe

Sheol Music Generation Chontae na Gaillimhe Banc Uirlisí na Gaillimhe mar chuid de chlár oidhreacht druma Ghaillimh 2020 'PULSE'. Leis an tionscnamh sin cuireadh cláir chnaguirlise ar fáil ar fud an chontae agus tugadh rochtain ar bhanc mór de chnaguirlisí. Bhí sé mar aidhm leis leanaí, daoine óga agus aosaigh áitiúla a nascadh tríd an gceol. Ceiliúradh an seoladh oifigiúil le cnaguirliseoirí óga ó champa samhraidh comhoibritheach 'CLG' ar thrá álainn lomaí ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

Breathnaigh ar an bhfíseán anseo.



Music Generation Chathair na Gaillimhe
Grianghraf le Ciarán MacChoncarraige



Ciarraí

[Sheol Music Generation Chiarraí](#) na Ensemblenna Óga Téaduirlice agus Gaothuirlise. Thug na ensemblenna nua deiseanna seinm agus cleachta do cheoltóirí óga i gCiarraí. Is ionann é agus na chéad chéimeanna i dtreo chéad Cheolfhoireann Óige Chiarraí a sheoladh. Ceiliúradh an seoladh le sraith ceardlann le haoi-cheoltóirí i gCiarraí Thuaidh agus Theas. I measc na mbuaicphointí bhí ceardlann téaduirlice le Music Network a d'éascaigh an veidhleadóir a bhfuil clú agus cáil uirthi ar fud an domhain, Jennifer Stumm. Freisin bhí deis ag seinnteoirí téaduirlice óga páirt a ghlacadh i gceardlanna leis an veidhleadóir Kenneth Rice ó Cheolfhoireann Aireagail na hÉireann agus leis an veidhleadóir aonair Darragh Morgan ag Féile an Cheoil Aireagail ar Dhairbhre.

Chill Dara agus an Mí

[Choimisiúnaigh Music Generation Chill Dara](#) agus [Music Generation an Mí](#) agus léirigh sé ceoldráma óige arbh é an chéad cheann den chineál sin dar teideal 'Horse Ape Bird' i gcomhpháirt le Ceolfhoireann Náisiúnta Óige na hÉireann. D'oibrigh na ceoltóirí óga in éineacht le hamhránaithe, seinnteoirí ceolfhoirne agus stiúrthóirí a bhfuil clú agus cáil orthu ar fud an domhain agus le criú iomlán teicniúil agus stáitsithe. Lig sé sin do na ceoltóirí óga taithe a fháil ar léiriú gairmiúil de chaighdeán ealaíonta an-ard, ó chleachtadh go léiriú. Bhí deis ag an gcór óige oibriú go díreach le cumadóir 'Horse, Ape, Bird' David Coonan agus leis an scríbhneoir Dylan Coburn Gray. [Léigh níos mó faoin tionscadal anseo.](#)

Music Generation Chill Chainnigh
Grianghraf le Carl Rochford

Cill Chainnigh

Clár píolótach cóir thar a bheith rathúil ar feadh 6 seachtaine ab ea 'Sing Out' agus é stiúrtha ag [Music Generation Chill Chainnigh](#) a bhí ag obair i gcomhpháirt le bunscoileanna Chill Chainnigh. D'oibrigh na hOideoirí Ceoil ar stór roinnte ceoil leis na hamhránaithe óga ar fud scoileanna 'Sing Out'. Críochnaíodh an tionscnamh le ceolchoirm Nollag a bhí díolta amach in Ardeaglais Chainnigh sa chathair ina raibh 200 amhránaí óg ag casadh le chéile agus os cionn 500 duine i láthair. Leis an gclár píolótach tosaíodh ar chéad Chór na n-Óg Chill Chainnigh a fhorbairt.

Laois

D'óstáil Music Generation na Laoise 'Tionól'. Is í an imeacht bliantúil sin an t-aon fhéile ar an domhan le haghaidh cláirseach agus píob agus ceiliúrtar na huirlisí traidisiúnta sin trí cheardlanna agus thaibhléirithe ceoil traidisiúnta. Tháinig níos mó ná 100 cláirseoir agus píobaire óg as Limistéir CÁOC Music Generation le chéile le haghaidh trí lae d'fhoghlaim, de chasadh, agus cruthaíodh cairdis nua. Thug Áine McGreevy, Michael Rooney, agus go leor aoi-cheoltóirí eile ceardlanna agus thaibhléirithe a spreag na ceoltóirí óga.

Faigh amach níos mó faoi Thionól anseo.

Liatroim

In 2022, seoladh Shannon Voices - Ensemble Gutha mar thionscnamh comhpháirtíochta idir Music Generation Liatroma agus Music Generation Ros Comáin, i dteannta le Sing Ireland. Tugadh cuireadh do scoileanna a bhí rannpháirteach i gcláir ghutha Music Generation i Liatroim páirt a ghlacadh i 'Spás Amhránaíochta' Sing Ireland in Ollscoil Theicneolaíoch na Sionainne (Áth Luain). Ina dhiaidh sin tugadh an deis d'amhránaithe óga páirt dul le Shannon Voices. Thug Alan Leech, duine de phríomh-theanóirí na hÉireann agus iar-chumadóir le Cór Fiolarmónach RTÉ. Tharla a gcéad thaibhléiriú go háitiúil faoin stiúir.

Léigh níos mó faoin thaibhléiriú.

Music Generation na Laoise
Cláirseach & Píoba Thionól

Cathair Luimnigh

D'óstáil Music Generation Chathair Luimnigh ceardlann tobhchumadóireachta aon-lae le níos mó ná 100 ceoltóir óg ó chlár Music Generation i gCathair Luimnigh, Contae Luimnigh, Cathair Chorcaí, sa Chlár, i Laois agus i bPort Láirge. Reáchtáladh an imeacht ag Acadamh Domhanda an Cheoil agus an Rince in Ollscoil Luimnigh agus tacaíodh leis ag Oideoirí Ceoil as gach limistéar. Ba í aidhm na ceardlainne comhar a bhí bunaithe ar thrí théama simplí - Éist, Ceangal, Téigh i dTaithí. Tháinig na rannpháirtithe ó chúlra i raon stíleanna lenar áiríodh ceol Gaelach traidisiúnta, snagcheol, ceol clasaiceach, ceol tíre, rac, popcheol agus hip-hop. Spreagadh do gach rannpháirtí oibriú i gcomhar lena chéile chun ceol saor, turgnamhach le teachtaireacht láidir a chruthú.





“Táim ag baint an-spraoi as an lá inniu agus taispeánann sé an chaoi ar féidir an ceol a chruthú ar bhealaí difriúla”

Katie, Ceoltóir Óg, **Music Generation Cathair Luimnigh**

Féile Phádraig

Grianghraf le Dave Keegan

Contae Luimnigh

Sheol Music Generation Chontae Luimnigh Music Generation mol cruthaitheach le Mol Foghlama Cruthaithí Fhoróige in Iarthar Luimnigh le grúpa le dhaoine óga LGBTQI+. Tá sé mar aidhm leis an gclár spás uile-chuimsitheach a chruthú agus rannpháirtithe a spreagadh chun ceol a scríobh agus podchraoltaí a dhéanamh. Tugtar tacaíocht do na rannpháirtithe ag Oideoirí Ceoil áitiúla a oibríonn mar thacadóirí agus mheantóirí do na daoine óga. Chríochnaigh na ceoltóirí óga 2022 lena seisiún buscála féin sa Chaisleán Nua Thiar.

Longfort

Thacaigh Music Generation an Longfoirt agus Seirbhís Óige an Longfoirt le grúpa ceoltóirí óga as pobal Roma Longfoirt chun a gcead EP dar teideal “INFINITY” a léiriú agus a sheoladh. Leis an ainm “Galaxy Band”, d’oibrigh na ceoltóirí óga leis na hOideoirí Ceoil chun an EP a phleanáil, a chleachtadh agus a thaifeadh sa stiúideo taifeadta soghluaiste de chuid Music Generation an Longfoirt. Seinneann Galaxy Band meascán de cheol traidisiúnta Roma agus stíleanna ceoil an iarthair. Clúdaíonn an EP le ceithre thraic trí hamhrán cáiliúla ó Oirthear na hEorpa agus casadh uathúil ar “I Just Called to Say I Love You” le Stevie Wonder. Seoladh an EP i Seirbhís Óige an Longfoirt mar chuid den Oíche Chultúir ar an 23 Meán Fómhair.

Music Generation an Longfoirt
Grianghraf le Greig Berry

An Lú

Stiúir Music Generation Lú sraith de chomhpháirtíochtaí le ceoltóirí gairmiúla i rith 2022. I gcomhpháirt le Create Louth, stiúir Music Generation Lú trí cheolchoirm a thug deis do 216 leanbh agus duine óg as seacht bpobal tuaithe chun páirt a ghlacadh i dtaibhléirithe beo agus tairní a fháil orthu. Stiúradh iad siúd ag ceoltóirí gairmiúla mór le rá a raibh ina measc Zoe Conway, John McIntyre, agus an Glas Quartet. Chuimsigh comhair eile le healaíontóirí gairmiúla an chéad thaibhléiriú ag Féile Ealaíon Dhroichead Átha de Causeway le Ceolfhoireann Ceoil Tíre Nós Nua leis an seinnteoir consairtín atá bunaithe i nGlaschú, Mohsin Amini.



Maigh Eo

Chun deireadh shrianta Covid-19 a cheiliúradh, d'óstáil [Music Generation Mhaigh Eo](#) an imeacht #youngmusiciansofmayo chun spiorad an taibhléirithe a mhúscailt arís. Ghlac seinnteoirí ó Chéilí Ukulele, ó Ensemble Cláirseach Music Generation Mhaigh Eo, agus Píobairí Uillinne páirt ann. Freisin fuair an ócáid a bhí díolta amach san Amharclann Ríoga, Caisleán an Bharraigh níos mó ná 4,500 amharc digiteach.

[Féach ar Music Generation Mhaigh Eo ag an Amharclann Ríoga anseo.](#)

Uíbh Fhailí/An Iarmhí

[D'óstáil Music Generation Uíbh Fhailí/na hIarmhí an 'Big Sing'](#) i dTeach agus Gairdíní Belvedere. Ghlac níos mó ná 450 leanbh bunscoile as deich scoil ar fud na hIarmhí agus Uíbh Fhailí páirt san imeacht dhá-lae sin. Ba í aidhm na féile ardán a chruthú do cheoltóirí óga chun a muinín a fhorbairt agus boinn a leagan um ghrá fadsaoil don amhránaíocht. Chuimsigh an imeacht ceardlanna d'amhránaithe óga agus taibhléirithe beo.

Ros Comáin

D'fhreastail Guthanna Óga Sinsearachacha ó [Music Generation Ros Comáin](#) ar [Fhéile Cheoil Creative Connexions](#) i Sitges, An Spáinn. D'fhreastail an cór le dháréag ball ar mháistir-ranganna le linn na cuairte leis an amhránaí cáiliúil Simon Morgan. Ghlac an cór páirt i dtaibhléiriú tobshlua i lár baile Sitges agus i dtaibhléiriú ar an bpríomhstáitse.

Sligeach

[D'athsheol Music Generation Shligigh](#) an campa samhraidh 'Musical Horizons'. Ghlac rannpháirtithe cláir páirt i dteagasc uirlise agus in ensemblenna a chuimsigh bannaí snagcheoil, cóir agus ceolfhoirne clasaiceacha. Bhí deis ag ceoltóirí óga páirt a ghlacadh i seisiúin faoi amhránaíocht, rince agus na meáin. Ghlac os cionn 160 leanbh agus duine óg os cionn 18 mbliana d'aois páirt ann. Chríochnaigh an tseachtain le ceolchoirm mhór ar fhreastail teaghlaigh agus cairde uirthi.

Music Generation Shligigh
Grianghraf le Brian Farrell



Baile Átha Cliath Theas

Stiúir Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas, i gcomhpháirt le NOISE Music, NOISE Music sa Big Picture – clár a bhí tiomnaithe do chailíní, mhná óga agus dóibh siúd a aithníonn mar neamh-dhénártha ó thaobh inscne idir 14-17 mbliana d’aois. Dhírigh an clár ar na rannpháirtithe a chumhachtú trí cheol nua a scríobh agus a thaifeadadh le tacaíocht le foireann de DJanna, léiritheoirí, amhránaithe agus thaibhléiritheoirí mná. I rith shamhradh 2022 scríobh agus thaifead na ceoltóirí óga ceol a cuireadh i láthair trí thaibhléirithe agus sheit beo DJ ar Oíche Chultúir.

Breathnaigh ar níos mó faoina dtaithe agus a dtaibhléiriú anseo.

Tiobraid Árann

D’oibrigh 31 duine óg ó ar fud Thiobraid Árann ar shocruithe coimisiúnaithe go speisialta de phíosáí traidisiúnta agus nuachumtha thar cheardlann trí lá. Ba iad Zoe Conway agus John McIntyre a bhí i gceannas ar na ceardlanna agus thacaigh Oideachasóirí Ceoil ó Foireann Music Generation Thiobraid Árann leo. Cuireadh críoch leis na ceardlanna le léiriú speisialta de na píosáí seo ag The Source Arts Centre i nDurlas Éile.



Music Generation Thiobraid Árann
Grianghraf le Maurice Gunning

Port Láirge

Chomhoibrigh na ceoltóirí óga ó [Music Generation Phort Láirge](#) chun ‘Draíocht Phort Láirge’ a léiriú, sraith de 12 fhonn nua-chumtha le Nóra Byrne Kavanagh. D’oibrigh ceolfhoireann ceoil traidisiúnta chumaisc le 70+ ceoltóir óg as cúlraí traidisiúnta, snagcheoil, popcheoil agus ceoil chlasaicigh le hOideoirí Ceoil áitiúla chun an tsraith a chóiriú, a chleachtadh agus a chur ar stáitse. Ba í aidhm an tionscadail speisialta rannpháirtithe a cheangal le chéile go ceolmhar agus deis a thabhairt dóibh uirlisí eile a sheinm nach mbeidís ag seinm de ghnáth. Cuireadh an tsraith ar stáitse den chéad uair mar chuid de chlár Fhéile Ealaíon Imagine 2022.

[Breathnaigh ar dhéanamh ‘Draíocht Phort Láirge’ anseo.](#)

Loch Garman

[Thosaigh Music Generation Loch Garman](#) Ceardlanna Ceoldráma Óige i gcomhpháirt le Ceoldráma Óige Loch Garman. Rinne daoine óga idir 10 agus 18 mbliana d’aois an cumadh amhrán a fhiosrú agus d’oibrigh siad le chéile chun amhráin nua a chruthú. Spreagadh do gach ceoltóir chun a réimsí spéise ceoil agus a gcruthaitheacht a chur in iúl. Is í aidhm an chláir an mhuintir chruthaitheach a chothú agus cuimsíonn seisiúin amharclannaíocht phobail, cumadh amhrán, filíocht agus seisiúin ghutha. Leanfaidh na rannpháirtithe orthu ag teacht le chéile go míosúil in 2023 chun smaointe a bhailiú agus ceol nua a léiriú a chríochnóidh le léiriú Ceoldráma nua.

Music Generation Phort Láirge
Grianghraf le DGM Photography

Cill Mhantáin

[D’athsheol Music Generation Chill Mhantáin](#)

a Chlár Taifeadta agus Meantóireachta a ritheadh den chéad uair tar éis na paindéime. Thug an clár tacaíocht do chumadóirí/amhránaithe-chumadóirí amhrán nua as gach cearn de Chill Mhantáin. Tugadh meantóireacht do na ceoltóirí chun a gceol a thabhairt suas go caighdeán ard le haghaidh taifeadta. Cruthaíodh físeán agus taifeadadh gairmiúil deireanach le haghaidh gach rannpháirtí chun cabhrú leis na ceoltóirí óga dul chun cinn a dhéanamh ina ngairm cheoil agus iad féin a chur chun cinn mar amhránaithe/chumadóirí nua.





Deiseanna Ambasadóra Óig agus Imeachtaí Cultúrtha Náisiúnta

Comhdháil Ireland Funds Worldwide
Grianghraf le Aengus McMahon

Gach bliain, tugtar cuireadh do cheoltóirí óga ó chlár Music Generation as gach cearn den tír a gceol a thabhairt do lucht éisteachta náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Oibríonn Music Generation i ndlúthpháirt le maoinitheoirí, deontóirí, agus comhpháirtithe chun deiseanna sin a **chruthú thaibhléiriú speisialta.**

Athbheochan Cláirsí a Mhúscailt Mí an Mhárta

Chuir aon-chéad is ochtó (180) Ambasadóir Óg a leagan féin den cheol traidisiúnta os comhair lucht éisteachta idirnáisiúnta ag Féile Phádraig 2022. Tháinig na ceoltóirí óga le chéile ó Limistéir CÁOC Music Generation lenar áiríodh Laois, Lú, agus Cathair Chorcaí chun clár a chruthú agus a léiriú le comhartha náisiúnta na hÉireann — an chláirseach — a cheiliúradh.

[Léigh níos mó faoina n-eispéireas ag Féile Phádraig.](#)



Comharghrúpa Cláirseach Music Generation ag Féile Phádraig

Grianghraf le Dave Keegan

Bord Banc Mheiriceá Mí an Mhárta

Chas baill de Cheolfhoireann Thraidisiúnta Laoise de chuid Music Generation ag Uimh. 25 Plás Mhic Liam le haghaidh Bhord Banc Mheiriceá. Tugadh cuireadh do na hAmbasadóirí Óga sin léiriú mar cheiliúradh ar chomhpháirtíocht Banc Mheiriceá le Music Generation.



Comhdháil Ireland Funds Worldwide Mí an Mheithimh

Chomhoibrigh tríocha-trí Ambasadóir Óg as Cheolfhoireann Thraidisiúnta Laoise agus Ensemblenna Traidisiúnta Music Generation Phort Láirge chun casadh ag oscailt Chomhdháil Ireland Funds Worldwide 2022. Chas na ceoltóirí óga ceol le haghaidh aionna speisialta a raibh ina measc Adam Clayton ó U2 agus an tAire Oideachais Norma Foley. Chríochnaigh siad an ócáid le léiriú comhoibritheach den scoth leis an gceoltóir Éireannach Sharon Shannon.

[Léigh níos mó faoina n-eispéireas ag comhdháil Ireland Funds Worldwide.](#)

Comhdháil Ireland Funds Worldwide

Grianghraf le Aengus McMahon

Ceiliúrann Music Generation Cruinniú na nÓg Meitheamh

Gach bliain glacann comhpháirtíochtaí Music Generation ar fud na hÉireann páirt i gCruinniú na nÓg, lá náisiúnta na hÉireann de chruthaitheacht shaor in aisce do leanaí agus dhaoine óga. Cuirtear taibhléirithe, ceardlanna agus eispéiris éagsúla ar fáil do leanaí agus dhaoine óga i bpobail áitiúla ar fud na tíre. In 2022, reáchtáladh os cionn 45 ghníomhaíocht thiomnaithe ceoil i Limistéir CÁOC Music Generation. Seo roinnt samplaí:

Music Generation an Chabháin/ Mhuineacháin

Chum, chóirigh agus thaifead cumadóirí amhrán óga as Ardscoil Patrician, Carraig Mhachaire Rois dhá hamhrán úrnua roimh an gceiliúradh náisiúnta. Le tacaíocht ó Oideoirí Ceoil, léirigh na ceoltóirí óga a gcuid físeán ceoil féin agus chuir siad an ceol ar stáitse den chéad uair le haghaidh Chruinniú na nÓg ag Amharclann Iontas, Baile na Lorgan.

D'óstáil Music Generation Chathair Chorcaí 'Rock the Block' sa Stiúideo Kabin.

Chuimsigh sé sin lá iomlán de dhéanamh ceoil faoi stiúir GMC Beats, Stiúideo Kabin agus Creative Tradition. Ghlac ceoltóirí óga páirt i gceardlanna rap, seisiúin phodchraolta agus taibhléirithe traidisiúnta ceoil.

Reáchtáil Music Generation Shligigh

seisiúin chruthaitheacha i leabharlanna áitiúla ar fud an chontae. Ghlac rannpháirtithe óga páirt i seisiúin a stiúradh agus bhí deis acu uirlisí a thriail mar an dordveidhil, an veidhlín, an giotár, an méarchlár, an chláirseach, an maindilín, na drumáí agus cnaguirlisí.

Ceiliúrann Music Generation 'Oíche Amháin do Chách' ag Oíche Chultúir Meán Fómhair

Cheiliúir Music Generation Oíche Chultúir 2022 le pobail áitiúla ar fud na tíre. Ar an oíche chultúrtha uile-oileáin sin gach bliain, ceiliúrtar saibhreas agus éagsúlacht an chultúir in Éirinn sa lá atá inniu ann. Seo sampla den mhéid a bhí ar siúl:

D'óstáil Music Generation Liatroma ceardlann idirghlúin

ar an ucailéile in Amharclann an Island i mBéal an Átha Mhóir. D'fhoghlaim leanaí, tuismitheoirí, agus seantuismitheoirí conas an ucailéile a sheinm le chéile agus amhráin a chasadh i dtimpeallacht lánchuimsitheach agus réchúiseach.

D'óstáil Music Generation Chathair Luimnigh

oíche gigeanna ar Rae Bedford ar a taispeánadh bannaí agus comhair, faoi stiúir rannpháirtithe cláir óna thionscadal Guthanna Luimnigh.

Music Generation Phort Láirge

Ghlac seinnteoirí óga prásuirilise seilbh ar Thriantán na Lochlannach agus thug siad taibhléirithe don phobal áitiúil mar chuid de Bhannaí Móra Phort Láirge.

[Léigh níos mó faoi Oíche Chultúir ag Music Generation.](#)

Tugann Music Generation Phort Láirge léiriú ag Ceiliúradh Deireadh Seachtaine Ireland Funds i Monacó Deireadh Fómhair

I gcomhar lena dteagascóirí agus an aoi-cheoltóir Áine McGeeney thug cúigear ceoltóirí óga as Music Generation Phort Láirge léiriú den scoth ag Ócáid Cheiliúrtha Ireland Funds 2022 i Monacó a raibh a Mhórgacht Shíochánta an Prionsa Albert II i láthair aige. Mar chuid den chomhar ceoil léiríodh den chéad uair trí shaothar úrnua ceoil traidisiúnta le meascán comhaimseartha.

Beyond Limits – Oifig an Ombudsman do Leanaí Deireadh Fómhair

Chuaigh Ambasadóirí Óga ó Music Generation ar stáitse le taibhléirithe spreagúla ag Beyond Limits 2022 de chuid Oifig an Ombudsman do Leanaí. Sraith imeachtaí é Beyond Limits a óstálann Oifig an Ombudsman do Leanaí chun leanaí agus daoine óga faoi mhíchumas a chumhachtú, agus na deiseanna atá ar fáil dóibh a thaispeáint, labhairt faoi na saincheisteanna ar mian leo labhairt fúthu agus aird a tharraingt ar an uile-chuimsitheacht.

[Léigh níos mó faoi Beyond Limits anseo.](#)



Music Generation Shligigh ag Oifig an Ombudsman do Leanaí i Sligeach
Grianghraf le Carl Brennan

An Chomhdháil Eorpach ar Oideachas Domhanda 2050 Samhain

Chas Ambasadóirí Óga ó [Music Generation Phort Láirge](#) léiriú ag an gComhdháil Eorpach ar Oideachas Domhanda 2050 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. I láthair ag an ócáid thábhachtach sin bhí an líonra Aireachtaí agus Gníomhaireachtaí atá freagrach go náisiúnta as an oideachas domhanda i dtíortha Eorpacha agus sruthaíodh beo é go lucht féachana domhanda.

[Féach ar chuid den taibhléiriú anseo ar Twitter.](#)

Óstálann an Roinn Oideachais Comhdháil Idirnáisiúnta Bhuan de chuid Chomhthionóil Ginearálta na gCigireachtaí Samhain

Léirigh Ambasadóirí Óga ó [Music Generation Chill Dara](#), [Music Generation na Mí](#), agus [Music Generation Lú](#) ag an SICÍ - Comhdháil Idirnáisiúnta Bhuan na gCigireachtaí i gCaisleán Dhún Bhúinne. Chan amhránaithe óga as Music Generation na Mí agus Music Generation Chill Dara sliocht óna gceoldráma óige, Horse Ape Bird. Sheinn cláirseoirí óga ó Music Generation an Lú dhá shaothar le cumadóirí Éireannacha.

[Féach ar chuid den taibhléiriú anseo.](#)

Music Generation Chill Mhantáin
Taibhléiriú Ambasadóirí Óga

Ceiliúradh Náisiúnta Bhanc Mheiriceá ar an gComhpháirtíocht Mí na Nollag

Chas an ceoltóir óg Joseph Ryder as Music Generation Chill Mhantáin a cheol nua féin ag Ceiliúradh Náisiúnta Bhanc Mheiriceá ar an gcomhpháirtíocht.

[Breathnaigh ar ghrianghraif de léiriú Joseph anseo.](#)

Seoladh Cineáltais: Plean Gníomhaíochta um an mBulaíocht ag an Roinn Oideachais Mí na Nollag

Chas Ceoltóirí Óga as Seisiún Jeamála Mhuileann gCearr de [chuid Music Generation Uíbh Fhailí/na hIarmhí](#) agus thaifead siad Freewheel le Duke Special mar fhuaimrian d'fhiseán an Roinn Oideachais ar an bhfeachtas frithbhulaíochta.



Spriocanna Straitéiseacha

In 2022, d'fhoilsigh Music Generation Saol Daoine Óga a Athrú ó Bhonn tríd an gCeol (Transforming Young Lives Through Music).

Leis an bplean seo leagtar amach treo Music Generation le haghaidh na gcúig bliana romhainn agus leantar ar aghaidh ag comhlíonadh ár [misin](#).

Cáilíocht

Sprioc: cultúr d'fheabhas leanúnach a chothú ar fud líonra Music Generation, ionas go mbíonn eispéiris agus torthaí den chaighdeán is fearr ag leanaí agus daoine óga i suíomhanna éagsúla agus thar raon leathan de sheánraí agus de dhisciplíní ceoil.

Cuspóir 1

Oibreoidimid ar bhealach domhain agus fadtéarmach le cláir áitiúla Music Generation chun **tacú le forbairt bhreise ar chultúr cáilíochta.**

AinmTugtar CTF ar an bhfoireann Cháilíochta, Tacaíochta agus Forbartha san ONF. Is é cuspóir CTF forbairt cháilíochta a threorú agus tacú le CÁOCanna lena gcláir a sheachadadh de réir an chaighdeán is airde. In 2022 thosaigh an fhoireann CTF ag scríobh Straitéis Cháilíochta le haghaidh na mblianta 2023-2026 le hionchur OFCanna. Bhreathnaigh an fhoireann ar fhionnachtana ó athbhreithnithe inmheánacha, aiseolas ar phróisis Creat Cáilíochta, agus pleanáil agus forbairt líonra, chun an Straitéis nua a threorú. Scríobhadh céad dhréacht faoi dheireadh na bliana.

Is é an smaoineamh mór taobh thiar d'obair na foirne “**tuiscint chomhroinnte níos láidre a chur in iúl ar ár bhfealsúnacht agus ár gcur chuige i dtreo an oideachas ceoil taibhléirithe agus an méid a fhoghlaimítear a roinnt ar fud an líonra**”¹. Déanfar tuilleadh forbartha air sin in 2023 mar chuid den Straitéis Cháilíochta nua.

Mar chuid dár Straitéis Cháilíochta 2019-2021 a bhí ann roimhe seo, forbraíodh Líonra Cáilíochta trí chomhar idir an ONF agus na OFCanna. Bíonn tionchar ag an tuiscint reatha ar an gcáilíocht i réimse oideachas na n-ealaíon agus an oideachais cheoil ar an gcaoi a dtuigtear an Creat Cáilíochta.



Music Generation Uibh Fhailí/na hlarmhí
Grianghraf le John McCauley

Is é cuspóir an Chreata deiseanna den chaighdeán is fearr agus is féidir a thabhairt do leanaí agus dhaoine óga a ghlacann páirt i Music Generation. Ghlac ceithre Limistéar CÁOC (An Lú, Tiobraid Árann, an Mhí agus an Longfort) páirt in oiliúint agus cur i bhfeidhm maidir le Pleanáil don Cháilíocht in 2022. Ghlac an fhoireann iomlán OFCanna, Oideoirí Ceoil, Oibrithe Acmhainne agus Riarthóirí páirt san oiliúint sin. Ghlac siad páirt i gcruinnithe míosúla, ar líne agus i bpearsa, le baill den fhoireann CTF. Díriodh sna cruinnithe sin ar conas is féidir paraiméadair um Rialú Cáilíochta a chur ag croílár gach gné den chlár.

¹ Sprioc 1, Beart 2 de [Phlean Straitéiseach Music Generation 2022-2026](#)

Chríochnaigh gach Limistéar CÁOC eile babhta d'Athbhreithnithe Creata Cáilíochta i mí Aibreáin 2022. D'fhoghlaimíomar go dtógfaidh sé am an Creat Cáilíochta a chuimsiú in obair laethúil na CÁOCanna. Ar bhonn na foghlama sin, rithfimid ceardlanna 'Pleanála don Cháilíocht' le foirne Limistéar CÁOC in 2023 chun úsáid an Chreata Cáilíochta sa phleanáil áitiúil a spreagadh.

Thosaigh ONF Music Generation Pobail Chleachtas d'Oideoirí Ceoil in 2020. Ba í aidhm na ngrúpaí sin:

Uaillmhian agus feabhas a chothú san oideachas ceoil taibhléirithe

Dea-chleachtas a chumasú

Fóram a sholáthar um roinnt eolais faoi stiúir ceoltóirí

Dearadh na Pobail Chleachtas chun cabhrú le hOideoirí Ceoil eolas a roinnt, gabháil do chleachtas machnamhach, agus cáilíocht a fhorbairt ina n-oideolaíocht agus ina gcuir chuige.

Ritheadh sé Phobal Cleachtas i rith na bliana acadúla 2021-2022 agus d'fhreastail 128 Oideoir Ceoil orthu siúd. Ag deireadh na bliana, bhailigh an fhoireann CTF aiseolas ó na ceoltóirí a ghlac páirt iontu chun foghlaim faoi na gnéithe ar éirigh go maith agus chun tuiscint cad is féidir linn a fhoghlaim ó na Pobail Chleachtas. Tá an fhoghlaim sin, i dteannta le foghlaim ó chur i bhfeidhm an Chreata Cáilíochta, mar bhonn eolais don Straitéis Cháilíochta nua 2023-2026.

Prásuirilísí agus Gaothuirlísí Pobail Chleachtas
Grianghraf le Dave Keegan



Cuspóir **2**

Comhoibreoidh muid le comhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta chun **feabhas ealaíonta agus oideolaíoch sna cláir agus sa chleachtas a spreagadh agus tacú leis** i raon de shuíomhanna.

Ceann de na bealaí a chomhoibríonn an ONF le comhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta é trí chiste tiomnaithe don chruthaitheacht agus don chomhar, a forbraíodh i gcomhpháirt leis an gComhairle Ealaíon. Tacaíonn an Ciste Cruthaitheachta agus Comhair (CCC) le tionscadail náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Tugann na tionscadail sin deis do leanaí, dhaoine óga agus cheoltóirí teacht le chéile go ceolmhar i dteannta lena gcláir leanúnacha um dhéanamh agus fhoghlaim an cheoil. Reáchtáil an OFN dhá bhabhta maoinithe in 2022 agus dámhadh maoiniú do dheich dtionscadal.

Cuireann go leor tionscadal CCF le rath tionscadal a maoiníodh roimhe sin chomh maith le tionscadail ina mbíonn go leor Limistéir CÁOC páirteach chun deiseanna náisiúnta a thabhairt do leanaí agus dhaoine óga ceol a dhéanamh le chéile.

Comhlíonann gach tionscadal CCC spriocanna Phlean Straitéiseach an ONF - comhoibriú le comhpháirtithe áitiúla, chun deiseanna ealaíonta agus oideolaíocha den scoth a spreagadh agus a chruthú, agus chun na líonraí foghlama a neartú trí chomhpháirtíochtaí a éascú idir Limistéir CÁOC agus an OFN.



Fuaimeanna Cruthaitheacha

Grianghraf le Kenneth Browne

Mhaoinigh an CCC tionscadail in dá chatagóir (cé gur minic a bhíonn forluí idir na catagóirí sin):

Tionscadail Fhorbartha ina chuirtear béim ar dhéanamh ceoil ar bhealach cruthaitheach ag leanaí agus daoine óga (agus deiseanna éagsúla taibhléirithe cuimsithe)

– mar shampla, tionscadail amhail Throwing More Shapes (Cathair Chorcaí), Guthanna Luimnigh (Cathair Luimnigh), TY Trax le AE MAK, agus Nós Nua (Contae Lú), Fuaimeanna Cruthaitheacha (4 Limistéar LÁOC agus Music Network), agus NOISE 2 (Baile Átha Cliath Theas).

Tionscadail taibhléirithe a thugann ardáin do leanaí agus dhaoine óga chun cur lena gcuid scileanna agus muiníne taobh le ceoltóirí gairmiúla

– mar shampla, tionscadail amhail Travelling Summer Sound Circus (Cathair Luimnigh) agus Scoil Shamhraidh Rac agus Popcheoil (Laois).

Tionscadail CCC 2022

Throwing More Shapes

In 2020, mhaoinigh an CCC an tionscadal Throwing Shapes i gCathair Chorcaí. Scannán ceoil atá ann a stiúir Rosie Barrett agus a léirigh Music Generation Chathair Chorcaí, Stiúideo Kabin, Amharclann Graffiti agus Féile Lár Samhraidh Chorcaí. Sa scannán feictear grúpa de rapálaithe agus de cheoltóirí óga ag freastal ar Stiúideo Kabin i gCnoc na hAoine agus léargas draíochtúil é ar bhonnathrú na hóige trí dhéanamh ceoil.

In 2022, mhaoinigh an CCC Throwing More Shapes, tionscadal sínte ina úsáidtear an scannán tosaigh mar thús le haghaidh ceardlann faoi stiúir na rannpháirtithe óga a bhí ina rannpháirtithe ag am an tionscadail tosaigh. Tugann foireann Stiúideo The Kabin meantóireacht do na healaíontóirí nua óga sin agus stiúirann siad ceardlanna i scoileanna agus i gclár óige i bpobail nua.

TY Trax

Tá TY Trax á rith i gContae Lú ar feadh roinnt blianta le daltaí idirbhliana. In 2022, mhaoinigh CCT an t-ealaíontóir popcheoil thar a bheith rathúil, atá bunaithe i nDún Dealgan Æ MAK chun ceardlanna a stiúradh a spreagann daltaí chun ceol a chruthú agus iad féin a chur in iúl le muinín – ceoltóirí ban ach go háirithe.

Cruthaíonn na ceardlanna sin (agus an taispeántas deireanach) droichead idir TY Trax mar hníomhaíocht ar scoil go gníomhaíocht iarscoile.

Nós Nua

Chun leanúint ar aghaidh ag spreagadh leanaí agus daoine óga chun ceol a dhéanamh agus a fhoghlaim, tá Music Generation an Lú ag forbairt a gcuid ensemblenna. Leis an tionscadal Nós Nua táthar ag freastal ar an ngá le deiseanna nua cruthaitheacha chun ceol a dhéanamh le haghaidh seinnteoirí óga i seánraí difriúla.

In 2022 tugadh maoiniú don ensemble chun taifeadadh gairmiúil stiúideo a chruthú de Causeway, a cruthaíodh i dtionscadal CCC roimhe sin. Saothar comhoibritheach é Causeway atá á stiúradh ag an gcumadóir / an gceoltóir Albanach Mohsen Amini. Tugann an tionscadal deis do bhaill de Nós Nua oibriú go cruthaitheach le go leor cumadóirí/ceoltóirí chun stór nua amhrán a chruthú.

Déanamh ceoil comhaimseartha cruthaitheach i suíomhanna uirbeacha: Guthanna Luimnigh agus NOISE 2

Éascaíonn Guthanna Luimnigh (Music Generation Chathair Luimnigh) agus NOISE 2 (Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas) déanamh ceoil comhaimseartha, cruthaitheach i suíomhanna uirbeacha. Cuimsíonn a gcuid gníomhaíochtaí mol tiomnaithe i Luimneach, agus comhpháirtíochtaí éagsúla le comhpháirtithe óige agus pobail i dTamhlacht agus i gCluain Dolcáin. Tugann na tionscadail sin tacaíocht do dhaoine óga chun a nguthanna féin a fhorbairt, le tacaíocht ó cheoltóirí gairmiúla ó réimsí an phopcheoil, an rac, hip hop agus DJ. Ceiliúirann Guthanna Luimnigh 10 mbliana ar an bhfód in 2023 agus ceiliúrfaidh sé a chuid éachtaí le ceardlann thiomnaithe i rith na bliana acadúla 2022/23, a mhaoineoidh an CCT.

Singfest

Tugann Singfest in Uíbh Fhailí agus san Iarmhí bealaí inrochtana, lánchuisitheacha isteach san amhránaíocht cóir agus ghrúpa do dhaoine óga agus leanaí agus é á reáchtáil i scoileanna, i gcóir leanaí pobalbhunaithe, agus ag críochnú le Big Sing gach bliain. Ghlac os cionn 500 leanbh páirt ann in 2022.

Fuaimeanna Cruthaitheacha

Comhar ab ea Fuaimeanna Cruthaitheacha idir ceithre Limistéar CÁOC (Ros Comáin, Longfort, Cabhán/Muineachán, agus Liatroim) agus Music Network, le tacaíocht láidir tionscadail ó CTF. Ba í aidhm an tionscadail ensemble a chruthú trína bhfaigheadh leanaí, daoine óga, agus Oideoirí Ceoil taithí ar an déanamh ceoil cruthaitheach. Mar thoradh ar an tionscadal chruthófaí ceol nua, chuirfí feabhas ar scileanna taibhléirithe, tobchumadóireachta agus cumtha, agus d'fhágfaí oidhreacht ceannaireachta le haghaidh na n-Oideoirí Ceoil. Ghlac caoga ceoltóir óg páirt sa tionscadal, a chríochnaigh le léiriú dá gceol nua-chruthaithe i dteannta le ceoltóirí gairmiúla ar cuairt agus Oideoirí Ceoil áitiúla as gach ceantar.

Ceolfhoireann Consairtín na hÉireann

Oibríonn Ceolfhoireann Consairtín na hÉireann cur chuige ensemble atá cosúil le Singfest agus Fuaimeanna Cruthaitheacha. Tugann an grúpa cuireadh d'aoi-chainteoirí oibriú mar chomhoibritheoirí agus cóirithe agus saothair nua a chumadh don ensemble. Chas ceathracha-cúig seinnteoir consairtín óg na saothair i dteannta le ceoltóirí gairmiúla a chuimsigh Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann.

Scoil Shamhraidh Rac-Cheoil agus Pop-Cheoil

Thug an tionscadal seo deis do leanaí agus dhaoine óga páirt a ghlacadh i scoileanna samhraidh i seánraí an cheoil traidisiúnta, an rac-cheoil, an phopcheoil agus an rapcheoil. Tháirg na scoileanna teagasc gutha agus uirlise (cláirseach, píoba, consairtín, an fheadóg mhór thraidisiúnta, fidil, an fheadóg stáin, bodhrán, giotár, an fhoireann drumáí, an méarchlár agus an dordghiotár). Thug 'An Scoil' an deis do leanaí agus dhaoine óga ceol a thaifeadadh, físeáin cheoil a thaifeadadh, agus a léiriú. Tugadh cuireadh do Limistéir CÁOC freastal ar na taibhléirithe sin.

Travelling Summer Sounds Circus

Leis an tionscadal seo táirgeadh sraith d'imeachtaí aon-lae. Ina measc bhí gigeanna preab anuas agus comhpháirtíochtaí le féilte agus le himeachtaí ar fud réigiún Iarthar Lár na Sionainne. Tugadh deiseanna taibhléirithe do leanaí agus dhaoine óga i ngach seánra ceoil agus i suíomhanna uathúla, lena n-áiríodh Aillte Mhothair i gContae an Chláir, Páirc na nDaoine i gCathair Luimnigh agus Loch Goir i gContae Luimnigh. Ritheadh é mar chomhpháirtíocht idir Music Generation Chathair Luimnigh, Chontae Luimnigh agus an Chláir agus mhéadaigh sé infheictheacht Music Generation sa réigiún.

Cuspóir 3

Leanfaimid orainn ag **forbairt agus ag neartú líonra náisiúnta Music Generation** le linn shaolré an phlean seo.

Post ard-oilte é bainistíocht éifeachtach ar chláir ardchaighdeáin san ceol taibhléirithe. Chabhraigh an clár ar Bhainistíocht Oideachais Ceoil Taibhléirithe (BOCT) le OFCanna fás ina ról, agus é ag cabhrú leo s a gclár CÁOC a fhorbairt go straitéiseach. Chuimsigh an oiliúint ábhair amhail pleanáil straitéiseach, forbairt foirne, ceannaireacht éifeachtach, agus éagsúlacht in oideachas ceoil taibhléirithe. D'fhreastail ochtar OFC ar an oiliúint i rith na bliana acadúla 2021-2022.

Freisin reáchtáladh Sraitheanna Foghlama Gníomhaíochta le haghaidh OFCanna sa bhliain acadúil. Thug siad siúd deis do OFCanna fadhbréiteach praiticiúil a dhéanamh le chéile. Gach mí, bhí cruinnithe ag an ngrúpa chun oibriú ar chásanna a bhain le dúshláin sa bhainistíocht cláir, agus mar sin de.

Reáchtáladh cruinnithe líonra gach dhá mhí i rith 2022 le haghaidh OFCanna. Reáchtáladh na cruinnithe go réigiúnach agus go náisiúnta, agus tar éis bhriseadh dhá bhliana mar thoradh ar Covid-19, bhíomar in ann teacht le chéile i bpearsa go deireanach. I mí an Mheithimh 2022, bhí cruinniú ag 24 OFC agus seisear ball foirne ón ONF le haghaidh cruinnithe chónaithe de sheisiúin forbartha gairmiúla, agus de chruinnithe líonra.



Ceolfhoireann Consairtín na hÉireann
Grianghraf le Paul Corey Photography

Freisin reáchtáladh trí chruinniú líonra le haghaidh Riarthóirí agus Oibrithe Acmhainne idir Eanáir agus Meitheamh 2022 agus d'éascaigh Oifigeach Riaracháin an OFN iad. Rinneadh suirbhé ar Riarthóirí agus Oibrithe Acmhainne i dtreodheireadh na bliana chun cabhrú le Straitéis Líonra a chruthú le haghaidh 2023.

In 2022, chríochnaigh an ONF athdhearadh ar theimpléad phlean oibre an CÁOC le haghaidh 2023 chun sonraí a bhailiú faoi riachtanais fhoghlama. Úsáidfear an t-eolas sin, chomh maith leis an eolas a fhoghlaimítear ó OBOC, Shraitheanna Foghlama Gníomhaíochta agus cruinnithe líonra, chun deiseanna a threorú um oiliúint, forbairt agus FGL faoin Straitéis Cháilíochta 2023-2026.

Inbhuanaitheacht

Sprioc: oibriú i dtreo inbhuanaitheacht fhadtéarmach a bhaint amach do chóras náisiúnta de sholáthar áitiúil um oideachas ceoil taibhléirithe atá maoinithe go poiblí.

Cuspóir **4**

Oibreoidimid chun **bonneagar áitiúil agus náisiúnta a bhaint amach ag a bhfuil neart acmhainní** (ó thaobh daoine agus airgeadais) agus a bhfuil sár-rialachas mar shaintréith aige.

Tá an Roinn Oideachais ag déanamh Athbhreithniú Luacha ar Airgead ar Music Generation. Nuair a bheidh sé sin críochnaithe, breathnóimid arís ar aidhmeanna tosaigh Music Generation a bhí leagtha amach i [Staidéar Indéantachta Music Network ó 2003](#). Déanfaimid iniúchadh ar bhuanna na samhla, ar ról an Oifig Forbartha Náisiúnta, agus ar mar a bhaineann sé sin le hobair leantach an ONF, i dteannta lena cuid comhpháirtithe.



Music Generation Chiarraí

Grianghraf le Dominick Walshe Photography

Cuspóir 5

Leanfaimid orainn **ag cothú comhpháirtíochtaí straitéiseacha le raon de pháirtithe leasmhara reatha agus ua.**

Mar chuid dár gcuid oibre, coinníonn Music Generation dlúthchaidrimh lenár gcomhpháirtithe agus ár maoinitheoirí. In 2022, choinníomar plé rialta le U2 agus Cistí na hÉireann trí thuairisciú struchtúrach agus chruinnithe seicphointe straitéisigh. I dteannta leis an bplé, thug Ambasadóirí Óga Music Generation léirithe le haghaidh U2, Cistí na hÉireann, le haghaidh an Aire Oideachais agus Bhanc Mheiriceá ag ócáidí [éagsúla](#).

Bhí cruinnithe rialta ag an ONF leis an Roinn Oideachais, thug sé tuairiscí struchtúrtha agus chomhlíon sé comhaontú 2022 um bhaint amach na feidhmíochta. D'fhreastalaíomar freisin ar an gcruinniú bliantúil le Coiste an Roinn Oideachais um Oideachas Ceoil Neamh-Phríomhshrutha ag deireadh 2022.

Leanamar orainn ag forbairt ár gcomhpháirtíochta leis an gComhairle Ealaíon a chómhaoiníonn ár gCiste Cruthaitheachta agus Comhair. Bhí dhá chéim de chomhpháirtíocht againn go dtí seo agus síneadh an dara céim beagáinín mar gheall ar an bpaindéim. In 2022, cinneadh measúnú neamhspleách a dhéanamh ar an gcomhpháirtíocht seo agus seoladh tairiscint i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon.



Comhdháil Ireland Funds Worldwide
Grianghraf le Aengus McMahon

Tá measúnóir ceaptha agus beidh an tuairisc seo críochnaithe in 2023. Freisin leanamar orainn ag plé le hÉire Ildánach trí rannpháirtíocht i gcomhchomhairle le páirtithe leasmhara le haghaidh Phlean na hÓige Ildánaí 2023–2027 agus leanamar orainn ag obair i dtreo mhéadú náisiúnta Music Generation mar chuid de phlean na hÓige Ildánaí 2017 – 2022.

Cuspóir 6

Leanfaimid orainn ag **tabhairt léargais agus eolais** don Roinn Oideachais agus do chomhpháirtithe áitiúla i dtaobh na n-acmhainní daonna agus na n-acmhainní cuí eile a bheidh ag teastáil chun **cláir ardchaighdeáin ar an oideachas ceoil taibhléirithe a chur ar fáil.**

I gcomhar le BOOnna, leanann an ONF air ag athbheithniú sholáthar acmhainní d'fhórsa saothair Music Generation. Tá sé mar aidhm againn a thuiscint conas is féidir le hacmhainn foirne agus le hacmhainní daonna tacú le hinbhuanaitheacht agus le caighdeán an tsoláthair maidir le cláir áitiúla.



Music Generation Phort Láirge
Taibhléiriú Ambasadóirí Óga

Cuspóir 7

Leanfaimid orainn ag cinntiú go n-oibreoidh **Oifig Náisiúnta Forbartha Music Generation go héifeachtach** de réir na n-acmhainní a bheidh ar fáil.

In 2022, bhí 11 bhall foirne ag an OFN sna réimsí seo a leanas: Airgeadas, Cumarsáid, Oibríochtaí agus Cáilíocht, Tacaíocht agus Forbairt. Leanamar orainn ag tacú le agus ag forbairt saineolais inár bhfoireann trí dheiseanna leanúnacha FGL agus oiliúna a thabhairt agus 1% de chostais foirne an OFN infheistithe in 2022.

Freisin leanamar orainn ag feabhsú ár bpróiseas, amhail ár gcuid córas airgeadais, próisis an Chiste Cruthaitheachta agus Comhair, ár bplean oibre agus ár dtuairisciú straitéiseach. Leanamar orainn ag athbhreithniú agus ag beachtú na bpróiseas sin agus déanfaimid iniúchadh ar thorthaí na n-athruithe sin chun leanúint ar aghaidh ag feabhsú na caoi a ndéanaimid rudaí in 2023 agus ina dhiaidh.

Music Generation Cheatharlach
Grianghraf le DGM Photography



Abhcóideacht

Sprioc: Déanfaimid abhcóideacht do lucht sprice lárnach ar son cheart gach linbh agus duine óig deis a bheith acu bheith rannpháirteach san oideachas ceoil taibhléirithe.

Cuspóir 8

Leanfaimid orainn ag **ardú feasachta ar luach an oideachais ar an gceol taibhléirithe** i saol leanaí agus daoine óga

Cruthaíodh Straitéis Chumarsáide chun tacú le Sprioc Abhcóideachta Music Generation agus leanúint ar aghaidh ag ardú feasachta do mhisean Music Generation. Dírionn an Straitéis ar ról a thabhairt do leanaí agus dhaoine óga inár scéalaíocht agus féiniúlacht bhranda Music Generation a fhorbairt le plé leis an lucht sprice a mhéadú. I measc gnéithe lárnacha den straitéis tá

– **Ár gcuid cainéal digiteach a úsáid** le leanaí agus daoine óga a chumhachtú agus spás a thabhairt dóibh a gcuid eispéireas agus scéalta maidir le Music Generation a roinnt.

– **Leanúint ar aghaidh ag cruthú eispéireas speisialta agus spreagúil** agus deiseanna ceoil do leanaí agus dhaoine óga.

– **Féiniúlacht náisiúnta branda Music Generation a fhorbairt agus** a fheabhsú chomh maith lenár gcumarsáid dhigiteach

– Chríochnaíomar tionscadal chun **rochtain a thabhairt do Limistéir CÁOC ar theimpléid dheartha agus fhíse a bhí éasca le húsáid** a thacóidh le cumarsáid i ngach clár de chuid Music Generation.

– **Mhéadaíomar ár dtrácht chuig an láithreán gréasáin** faoi 14% agus ár gcuid leantóirí ar na meáin shóisialta faoi 26% in 2022.



Féile Phádraig

Grianghraf le Dave Keegan

Leanamar orainn ag insint ár scéil le páirtithe leasmhara agus le lucht sprice lárnach trí thaifeadadh físe, thuairiscí agus thaibhléirithe. Freisin chomhordaigh an ONF taibhléirithe na [n-Ambasadóirí Óga le leanaí agus daoine óga in 2022](#).

Leanamar orainn ag fógairt taibhléirithe áitiúla i rith na bliana trí ríomhphost agus fheachtais fhógraíochta, fhíseáin, tríd na meáin shóisialta agus agallaimh le leanaí agus daoine óga.

Cuspóir 9

Spreagfaimid agus éascóimid abhcóideacht faoi stiúir leanaí agus daoine óga ar son a gcuid mianta le haghaidh agus a dtaithe ar, luach an oideachais ar an gceol taibhléirithe ina saol.

In 2022, thosaíomar athbhreithniú ar rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga. Is mian linn níos mó a fhoghlaim faoi na bealaí is fearr le deis a thabhairt do leanaí agus dhaoine óga a nguth a úsáid agus tionchar a imirt ar obair Music Generation.

Chuimsigh sé sin comhordú ar chruthú ábhar agus scéalaíocht dhigiteach faoi stiúir leanaí agus daoine óga chomh maith leis na deiseanna taibhléirithe leis na comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta atá luaite thuas. Lean Music Generation ar aghaidh freisin ag cothú caidreamh le hionadaithe lárnacha san earnáil, amhail Oifig an Ombudsman do Leanaí agus an Children's Rights Alliance.

Tá sé ar intinn ag Music Generation ceiliúradh náisiúnta a reáchtáil in 2024. Ceiliúraimid ár n-éachtaí maidir le rochtain ar oideachas ceoil taibhléirithe a chruthú, a fhás agus a chothú le haghaidh leanaí agus daoine óga ar fud na hÉireann.

Bhunaigh an ONF an Meitheal Oibre Comhairleach um Cheiliúradh Náisiúnta Music Generation le hionadaithe CÁOC agus OFN. Forbraíodh Téarmaí Tagartha agus reáchtáladh an chéad chruinniú in 2022.

Music Generation Phort Láirge
Grianghraf le DGM Photography



Cuspóir 10

Leanfaimid orainn ag **gabháil do thaighde agus ag bunú ár n-abhcóideachta ar fhoghlaim fhianaise-bhunaithe.**

Tá Music Generation ag súil le taighde nua a chaomhnú agus a choimisiúnú le raon de chomhpháirtithe earnála agus tríú leibhéal. Ós rud é go bhfuil an Straitéis Cháilíochta fós á forbairt, áfach, cinnfear bearta taighde sonracha nuair a thabharfar sin chun críche (ó 2023).

Music Generation Chill Chainnigh
Grianghraf le Carl Rochford





Music Generation an Lú/IAYOnna
26ú Féile na gCeolfhoireann Óige
Grianghraf le Marc O'Sullivan

Bord Music Generation agus Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation

Bord

Rialaítear Cuideachta Gníomhaíochta Sonraithe (CGS) Music Generation, a bunaíodh mar fhochuideachta ag Cuideachta Theoranta Music Generation ag Bord Stiúrthóirí ar a bhfuil deichniúr comhaltaí.

Ba iad Comhaltaí Boird Music Generation in 2022:

Leo Blennerhassett

Cathaoirleach, Comhairleoir Bainistíochta agus Iar-Stiúrthóir Bainistíochta ar Accenture Ireland

Joe Cunningham

Iar-Phríomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí (Ó Fheabhra 2022)

Pat Burke

Iar-Ard-Rúnaí Cúnta sa Roinn Oideachais agus, níos deireanaí, Cathaoirleach ar Choimisiún na Scrúduithe Stáit

Anna Marie Delaney

Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Uíbh Fhailí

Martin Drury

Caomhnóir agus Comhairleoir Neamhspleách (go dtí Feabhra 2022)

John Kelly

Scribhneoir, Craoltóir, agus SONY, EMA, scríbhneoir, Craoltóir, agus buaiteoir gradam SONY, EMA, agus PPI

Deirdre McCrea

Comhairleoir Ealaíon Neamhspleách agus iar-POF de chuid Music Network

Mel Mercier

Ollamh Emeritus sna Taibhealaíona, Acadamh Domhanda Ceoil agus Rince na hÉireann, Ollscoil Luimnigh

James Morris

Bunaitheoir Stiúideonna Windmill Lane, Windmill Lane Pictures, The Mill (Londain), agus Príomhthionscnóir maidir le bunú TV3. Ag obair faoi láthair ar fhorbairt tionscnaimh um sheirbhísí digiteacha um léiriú scannáin agus teilifíse

Chantal O'Sullivan

Díoltóir seandachtaí, comhalta de Bhord Nua-Eabhrac de Chumann Seoirseach na hÉireann, comhalta boird de Chistí na hÉireann agus Teach Glucksman Ireland i Nua-Eabhrac.

Foireann

Seo a leanas baill foirne **an Oifig Forbartha Náisiúnta de chuid Music Generation** in 2022:

Anita Butler

Oifigeach Airgeadais agus Riaracháin

Mairéad Duffy

Bainisteoir Tacaíochta CÁOC

Cathriona Grange

Bainisteoir Oibríochtaí

Helen Grant

Bainisteoir Airgeadais

Paul Markey

Oifigeach Riaracháin

Stephen McFarlane

Bainisteoir Tacaíochta CÁOC
(ó Mhárta 2022)

Rosaleen Molloy

An Stiúrthóir Náisiúnta

Rebecca Murphy

Oifigeach Cumarsáide agus Mhargáíochta

Margaret O'Sullivan

Ceann Cáilíochta, Tacaíochta agus Forbartha
(ó Bhealtaine 2022)

Paula Phelan

Ceann Cáilíochta, Tacaíochta agus Forbartha
(go dtí Feabhra 2022)

Aoife Ruth

Bainisteoir Anailíse agus Tuairiscithe

Helen Shyne

Bainisteoir Cumarsáide Straitéisí agus Margaíochta



Rialachas

Fuaimanna Cruthaitheacha
Grianghraf le Brian Farrell

Mar a Oibríonn an Bord

Tá Bord Stiúrthóirí CGS Music Generation ina bhord neamhfheidhmiúcháin agus neamhspleách. Tagann comhaltaí boird as cúlraí éagsúla agus tógann siad leo raon de thaithí agus scileanna, lena n-áirítear saineolas fairsing ealaíonta, oideachais, gnó agus cultúrtha.

I dteannta a chéile, tá siad freagrach as ceannaireacht a sholáthar, straitéis a fhorbairt, riosca a aithint agus a mhaolú, agus as monatóireacht ar bhuiséid agus thorthaí na heagraíochta. Tá próisis oibriúcháin agus rialachais i bhfeidhm ag Music Generation le cinntiú:

Go n-oibríonn sé ar bhealach oscailte agus trédhearcach

Go gcloíonn sé le oibleagáidí rialachais a chuid maoinitheoirí agus deontóirí

Go gcomhlíonann sé a chuid freagrachtaí reachtúla agus dlíthiúla

Treoraítear Music Generation ag straitéisí náisiúnta ábhartha, ag beartais Rialtais, agus ag an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Cloíonn Music Generation leis an Ráiteas ar Chleachtas Molta do Charthanais (RCMC) Rialaítear CGS Music Generation le Bunreacht agus tá a Bord Stiúrthóirí geallta chun na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach a chomhlíonadh, lena n-áirítear cloí le Cód Rialachais na gCarthanas de chuid Rialaitheoir na gCarthanas.



Minicíocht na gCruinnithe Boird agus Coiste

Bíonn Cruinnithe Boird ar siúl idir sé agus ocht n-uaire in aghaidh na bliana. Ina theannta sin, bíonn cruinnithe ag coistí níos lú den Bhord maidir le hábhair áirithe amhail Acmhainní Daonna, Iniúcháireacht agus Riosca, agus an Ciste Cruthaitheachta agus Comhair.

Ráiteas faoi Bhearta Bainistíochta Riosca

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca i bhfeidhm ag Bord Music Generation a dhéanann maoirseacht ar Chlár Rioscaí na Cuideachta agus a dhéanann monatóireacht ar gach riosca féideartha don eagraíocht.



Music Generation dlr
Grianghraf le Peter Cavanagh



Cúrsaí Airgeadais

Féile Ceoil Óige Old Fort Quarter
Grianghraf le Alf Harvey

Achoimre ar Fhigiúir 2022

Ba ionann **Ioncam iomlán** CGS Music Generation le haghaidh 2022 **agus €6,263,604.**

Fuarthas maoiniú lárnach de €37,871 ó Chistí na hÉireann agus fuarthas €6,065,000 ón Státhchiste tríd an Roinn Oideachais. Freisin fuair Music Generation €141,584 trína chomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon.

Chuimsigh ioncam eile de €19,149 ioncam i dtaisce agus maoiniú chun tacú le deiseanna taibhléirithe do cheoltóirí óga.

Clúdaíonn na cistí a leithdháiltear do CGS Music Generation costais chaiteachais do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Cheoil agus chostais reatha an Oifig Náisiúnta Forbartha.

Cuireann CGS Music Generation maoiniú ar fáil do Phríomh-Chomhpháirtithe nuair atá an méid coibhéiseach ardaithe ag na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil (CÁOCanna) trí mhaoiniú meaitseála arna ghiniúint go háitiúil. As an €6,418,875 a d'ardaigh Príomh-Chomhpháirtithe in 2022, cuireadh €1,169,650 ar fáil mar Thacaíocht Chomhchineáil. Aithnítear leis sin an ranníocaíocht mhór ag gach Limistéar CÁOC i dtreo chóiríocht oifige, forchostas agus foireann riaracháin a theastaíonn chun tacú le cláir Music Generation.




Music Generation Lú
Grianghraf le Jenny Callanan

Ioncam iomlán do chlár Music Generation

50%

Comhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil Áitiúla



2%

Án Chomhairle Ealaíon
U2 and Cistí na hÉireann,
Eile

48%

An Roinn Oideachais

Caiteachas iomlán do chlár Music Generation

94%

Seirbhísí Clár

6%

Costais reachtála na
hOifige Forbartha Náisiúnta

Aguisíní

Aguisín A

Ballraíocht agus Freastal ar Chruinnithe Boird

	06 Ean	28 Feabh	26 Aib	27 Beal	01 Iúil	27 M.F.	01 Samh	13 Noll
Leo Blennerhassett	●		●		●	●	●	●
Pat Burke	●	●				●		
Joe Cunningham		●	●	●	●	●	●	●
Anna Marie Delaney		●		●	●	●	●	●
Martin Drury	●	●						
John Kelly	●	●	●	●		●	●	●
Deirdre McCrea	●	●	●	●	●	●	●	●
Mel Mercier		●	●	●				
James Morris	●	●	●	●	●	●	●	●
Chantal O'Sullivan	●		●		●	●		

Aguisín B

Táillí Stiúirthóra agus Speansais Íoctha le Comhaltaí Boird in 2022

Níor íocadh aon táillí ná speansais stiúirthóra agus le Comhaltaí Boird in 2022

Aguisín C

Ceantair Áitiúla Rannphárteach i gCláir agus imeachtaí

Fuaimeanna Cruthaitheacha

Music Generation an Chabháin/Mhuineacháin
Music Generation Liatroma
Music Generation an Longfoirt
Music Generation Ros Comáin

Ceolfhoireann Consairtín na hÉireann

Music Generation an Chláir

Féile Ceoil Óige Old Fort Quarter

Music Generation na Laoise (ósta)
Music Generation Uíbh Fhailí/na hIarmhí
Music Generation Ros Comáin
Music Generation Shligigh
Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas
Music Generation Phort Láirge

Féile Phádraig

Music Generation Chathair Chorcaí agus Stiúideo The Kabin
Music Generation na Laoise
Music Generation Lú
Music Generation Mhaigh Eo

Comhdháil Ireland Funds Worldwide

Music Generation na Laoise
Music Generation Phort Láirge



Music Generation

Music Generation is Ireland's National Music Education Programme. A Music Network Initiative, co-funded by U2, The Ireland Funds, The Department of Education and Local Music Education Partnerships



An Roinn Oideachais
Department of Education

CGS Music Generation, Cláraithe in Éirinn; Uimhir Chuideachta: 491331, Uimhir Charthanais: CHY 19679, Uimhir Charthanais: CHY 19679, Uimhir Chláraithe Charthanais: RCN 20077426.